# CEISTNEOIR OTHAR

Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach | National Inpatient Experience Survey

## Cabhraigh linn cúram ospidéil a fheabhsú!

### Cad é faoi a bhfuil an suirbhé seo?

Is suirbhé náisiúnta é an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach a chuireann ceisteanna ar othair faoina seal in ospidéal poiblí le déanaí. Úsáidfear torthaí an tsuirbhé chun cúram ospidéil a fheabhsú.

**Bain úsáid as an gceistneoir seo chun aiseolas ginearálta a thabhairt ar d'eispéireas ospidéil. Más mian leat trácht nó gearán a dhéanamh agus freagra a fháil, seol ríomhphost chuig an FSS ag yoursay@hse.ie nó cuir glaoch ar 1890 424 555. Is féidir dul i dteagmháil chomh maith leis an tSeirbhís Tathanta Othar, seirbhís neamhspleách tathanta, a thugann tacaíocht do dhaoine ar mian leo gearán a dhéanamh, ar 0818 293 003 nó info@patientadvocacyservice.ie**

### Cén fáth a bhfuair mé an ceistneoir seo?

**Fuair tú an ceistneoir seo mar gur chaith tú 24 uair an chloig nó níos mó ná sin san ospidéal agus mar go bhfuil tú 16 bliana d'aois nó níos sine. Chomh maith leis sin, scaoileadh tú ón ospidéal le linn mhí an tsuirbhé.**

### An féidir liom an ceistneoir a dhéanamh ar líne?

Is féidir, téigh go **survey.yourexperience.ie** chun an ceistneoir a dhéanamh ar líne.

### An féidir liom iarraidh ar dhuine eile cabhrú liom an suirbhé a chomhlánú?

Is féidir, is féidir leat iarraidh ar dhuine eile cabhrú leat an ceistneoir a chomhlánú. Is féidir leat freisin iarraidh ar dhuine éigin an ceistneoir a líonadh ar do shon. Déan cinnte, áfach, go léiríonn na freagraí a thugtar do thaithí ar an gcúram a fuair tú.

### An ceistneoir a líonadh isteach

- Do gach ceist cuir tic ☑ shoiléir i mbosca amháin le peann dubh nó gorm.
- Léigh an fhaisnéis sna boscaí a ghabhann le cuid de na ceisteanna mar tugtar faisnéis thábhachtach iontu le cabhrú leat an ceistneoir a chomhlánú.
- Ná bí buartha má dhéanann tú botún; níl le déanamh agat ach an bosca ■ a líonadh agus tic ☑ a chur sa bhosca ceart.
- **Tá spás ag deireadh an cheistneora le gur féidir leat do chuid tuairimí a chur i scríbhinn.**
- **Ná scríobh d'ainm ná do sheoladh áit ar bith ar an gceistneoir.**
- **Cuir an ceistneoir ar ais chugainn sa chlúdach litreach Saorphoist a tháinig leis. Níl stampa ag teastáil.**
  Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach
  Teach Bhaile an Mhuilinn
  Baile an Mhuilinn
  Freagra Gnó
  Baile Átha Cliath 6

**Go raibh maith agat as ucht an suirbhé a líonadh isteach. Má bhíonn ceisteanna agat faoin suirbhé, cuir glaoch ar ár n-uimhir Shaorghlao 1800 314 093 (Luan-Aoine, 9 a.m.-5 p.m.), téigh go www.yourexperience.ie nó cuir ríomhphost chugainn ag info@yourexperience.ie.**

Chun diúltú do pháirt a ghlacadh sa suirbhé seo, cuir glaoch ar an uimhir Shaorghlao **1800 314 093** nó téigh go dtí ár suíomh gréasáin **www.yourexperience.ie**.

**Coinneofar do chuid freagraí anaithnid agus faoi rún.**
**Ní rachaidh d'aiseolas chun dochair do do chúram amach anseo ar bhealach ar bith.**

**Cód Suirbhé:**

Health Information and Quality Authority — An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte | HSE | An Roinn Sláinte — Department of Health

DRÉACHT

Agus tú ag freagairt na gceisteanna, smaoinigh ar an **seal is déanaí a chaith tú** san ospidéal, mar atá **luaite** sa litir a tháinig leis an suirbhé seo.

## Dul isteach san ospidéal

**C1. An raibh an seal is déanaí san ospidéal pleanáilte roimh ré nó an cás éigeandála a bhí ann?**

1☐ Cás éigeandála nó práinneach → **TÉIGH GO C2.**

2☐ Pleanáilte roimh ré nó ar liosta feithimh → **TÉIGH GO C7.**

3☐ Cúis eile → **TÉIGH GO C2.**

**C2. Nuair a bhain tú an t-ospidéal amach, an ndeachaigh tú chuig an aonad éigeandála (is é sin an tAonad T&É, nó an t-aonad taismí)?**

1☐ Chuaigh → **TÉIGH GO C3.**

2☐ Ní dheachaigh → **TÉIGH GO C7.**

## An tAonad Éigeandála

Freagair na ceisteanna faoin aonad éigeandála má d'fhreagair tú '**Chuaigh**' do **C2.**

**C3. Nuair a bhí ceisteanna tábhachtacha agat le cur ar dhochtúirí agus ar altraí san aonad éigeandála, an bhfuair tú freagraí sothuigthe?**

1☐ Fuair, i gcónaí

2☐ Fuair, uaireanta

3☐ Ní bhfuair

4☐ Ní raibh gá agam ceisteanna a chur/bhí mé róthinn chun aon cheist a chur

**C4. Ar tugadh dóthain príobháideachais duit san aonad éigeandála nuair a bhíothas do do scrúdú nó i mbun cóir leighis a chur ort?**

1☐ Tugadh, go hiomlán

2☐ Tugadh, go pointe áirithe

3☐ Níor tugadh

4☐ Níl a fhios agam/ ní cuimhin liom

**C5. Ar fhan tú san aonad éigeandála an t-am ar fad agus tú san ospidéal?**

1☐ D'fhan, cuireadh abhaile mé ón aonad éigeandála → **TÉIGH GO C44.***

2☐ Níor fhan, aistríodh go dtí áit eile san ospidéal mé sular cuireadh abhaile mé → **TÉIGH GO C6.**

*Má **cuireadh abhaile ón aonad éigeandála** thú, téigh go leathanach 8 agus comhlánaigh C44 – C49, agus tabhair aon tuairimí atá agat ar leathanach 11.

**C6. I ndiaidh duit dul isteach san ospidéal, cé chomh fada a bhí ort fanacht sular ligeadh isteach i mbarda thú?**

1☐ Níos lú na 6 uair an chloig → **TÉIGH GO C7.**

2☐ Idir 6 agus 12 uair an chloig → **TÉIGH GO C7.**

3☐ Idir 12 agus 24 uair an chloig → **TÉIGH GO C7.**

4☐ Idir 24 agus 48 uair an chloig → **TÉIGH GO C7.**

5☐ Níos mó na 48 uair an chloig → **TÉIGH GO C7.**

6☐ Níl a fhios agam/ ní cuimhin liom → **TÉIGH GO C7.**

7☐ Níor cuireadh i mbarda mé → **TÉIGH GO C44.**

DRAFT

## An t-ospidéal agus an barda

Is seomra nó limistéar san ospidéal é **barda** ina bhfaigheann othair cúram tar éis **dul isteach san ospidéal**.

Má d'fhan tú i níos mó ná barda amháin, freagair na ceisteanna seo a leanas faoin mbarda inar chaith tú **an chuid is mó** ama.

**C7.** **I do thuairim, cé chomh glan agus a bhí an t-ospidéal?**

***Áirítear leis seo gach áit san ospidéal, lena n-áirítear an barda, seomraí folctha agus áiteanna eile***

1☐ An-ghlan
2☐ Measartha glan
3☐ Níl sé an-ghlan
4☐ Níl sé glan ar chor ar bith

---

**C8.** **Nuair a bhí cabhair uait ón bhfoireann le dul chuig an seomra folctha nó chuig an leithreas, an bhfuair tú é in am trátha?**

1☐ Fuair, i gcónaí
2☐ Fuair, uaireanta
3☐ Ní bhfuair
4☐ Ní raibh cabhair de dhíth orm

---

**C9.** **Ar chuir an fhoireann a bhí ag cur cóir leighis nó scrúdú ort iad féin in aithne duit?**

1☐ Chuir gach duine iad féin in aithne dom
2☐ Chuir cuid acu iad féin in aithne dom
3☐ Níor chuir mórán acu iad féin in aithne dom
4☐ Níl a fhios agam/ ní cuimhin liom

## Bia ospidéil

**C10.** **Cad é mar a mheasfá bia an ospidéil?**

1☐ An-mhaith **→ TÉIGH GO C11.**
2☐ Go maith **→ TÉIGH GO C11.**
3☐ Ceart go leor **→ TÉIGH GO C11.**
4☐ Go dona **→ TÉIGH GO C11.**
5☐ Ní raibh aon bhia ospidéil agam **→ TÉIGH GO C13.**

---

**C11.** **Ar ofráladh bia duit a shásaigh aon riachtanais aiste bia nó riachtanais eile a bhí agat?**

***D'fhéadfadh reiligiún, leighis nó riachtanais ailléirge, roghanna feoilséantóra/veigeáin, nó roghanna éagsúla formáidí bia amhail bia leachtaithe nó bia a rinneadh purée de a áireamh anseo.***

1☐ Ofráladh, i gcónaí
2☐ Ofráladh, uaireanta
3☐ Níor ofráladh
4☐ Ní raibh aon riachtanais chothaithe agam
5☐ Cothaíodh mé trí fheadán cothaithe
6☐ Ní raibh aon bhia ospidéil agam

---

**C12.** **An raibh tú in ann bia ospidéil a fháil lasmuigh d'amanna béilí?**

***D'fhéadfadh béile ionaid a áireamh anseo má chaill tú amanna béilí mar gheall ar obráidí/mionobráidí nó mar gheall ar chúis eile.***

1☐ Bhí, i gcónaí
2☐ Bhí, uaireanta
3☐ Ní raibh
4☐ Ní raibh seo uaim
5☐ Níl a fhios agam/ ní cuimhin liom

DRÉACHT

## Do chúram agus an chóir leighis a cuireadh ort

**C13. Nuair a bhí ceisteanna tábhachtacha agat le cur ar dhochtúir, an bhfuair tú freagraí sothuigthe?**

1☐ Fuair, i gcónaí

2☐ Fuair, uaireanta

3☐ Ní bhfuair

4☐ Ní raibh aon ghá agam ceist a chur

---

**C14. Ar mhothaigh tú go raibh go leor ama agat chun do chúram agus do chóir leighis a phlé leis an dochtúir?**

1☐ Mhothaigh, cinnte

2☐ Mhothaigh, go pointe áirithe

3☐ Níor mhothaigh

---

**C15. Má bhí ort labhairt le haltra riamh, an bhfuair tú an deis é sin a dhéanamh?**

1☐ Fuair, cinnte

2☐ Fuair, go pointe áirithe

3☐ Ní bhfuair

4☐ Ní raibh aon ghá agam labhairt le haltra

---

**C16. Nuair a bhí ceisteanna tábhachtacha agat le cur ar altra, an bhfuair tú freagraí sothuigthe?**

1☐ Fuair, i gcónaí

2☐ Fuair, uaireanta

3☐ Ní bhfuair

4☐ Ní raibh aon ghá agam ceist a chur

**C17. An raibh tú páirteach i gcinntí faoin gcúram agus faoin gcóir leighis a fuair tú a oiread is a bhí tú ag iarraidh a bheith páirteach?**

1☐ Bhí, cinnte

2☐ Bhí, go pointe áirithe

3☐ Ní raibh

---

**C18. Cá mhéad eolais faoi do riocht sláinte nó faoi do chóir leighis a tugadh duit?**

1☐ Níor tugadh go leor

2☐ Tugadh an méid ceart

3☐ Tugadh an iomarca

---

**C19. Ar míníodh do dhiagnóis duit ar bhealach sothuigthe?**

1☐ Míníodh, go hiomlán

2☐ Míníodh, go pointe áirithe

3☐ Níor míníodh

---

**C20. Más rud é gur theastaigh ó dhuine de do theaghlach nó ó dhuine éigin eile gar duit labhairt le dochtúir, an raibh dóthain deiseanna acu é sin a dhéanamh?**

1☐ Bhí, cinnte

2☐ Bhí, go pointe áirithe

3☐ Ní raibh

4☐ Ní raibh eolas ag teastáil ó mo theaghlach

5☐ Ní raibh mé ag iarraidh go labhródh mo theaghlach ná mo chairde le dochtúir

6☐ Ní raibh aon teaghlach ná cairde páirteach

DRÉACHT

**C21.** **An bhfuair tú duine ar fhoireann an ospidéil chun labhairt leo faoi aon imní nó faitíos a bhí ort?**

1☐ Fuair, cinnte

2☐ Fuair, go pointe áirithe

3☐ Ní bhfuair

4☐ Ní raibh ábhair imní ná eagla agam

---

**C22.** **An raibh muinín agat sna baill foirne de chuid an ospidéil a bhí ag cur cóir leighis ort agus an raibh tú in ann brath orthu?**

1☐ Bhí, i gcónaí

2☐ Bhí, uaireanta

3☐ Ní raibh

---

**C23.** **Ar tugadh go leor príobháideachais duit nuair a bhí do riocht sláinte nó do chóir leighis á plé?**

1☐ Tugadh, i gcónaí

2☐ Tugadh, uaireanta

3☐ Níor tugadh

---

**C24.** **Ar tugadh dóthain príobháideachais duit nuair a bhíothas do do scrúdú nó i mbun cóir leighis a chur ort?**

1☐ Tugadh, i gcónaí

2☐ Tugadh, uaireanta

3☐ Níor tugadh

---

**C25.** **An dóigh leat go ndearna foireann an ospidéil gach rud a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun cabhrú leat do phian a smachtú?**

1☐ Is dóigh liom, cinnte

2☐ Is dóigh liom, go pointe áirithe

3☐ Ní dóigh liom

4☐ Ní raibh aon phian orm riamh

## Tástálacha, obráidí agus mionobráidí

Baintear úsáid as tástálacha chun do riachtanais a mheas nó chun do riocht a shainiú. I measc samplaí de thástálacha tá: ECG, X-ghathú, scanadh CT, scanadh MRI, scrúduithe ultrafhuaime, etc.

I measc samplaí d'obráidí agus de mhionobráidí tá: máinliacht seach-chonaire, máinliacht chun cnámh briste a chneasú, aipindic a bhaint, ionscópacht ar an drólann, polladh lumbach, etc.

**C26.** **Sular cuireadh aon tástáil, obráid nó mionobráid ort, ar thug ball foirne míniú sothuigthe ar aon riosca nó ar na buntáistí ábhartha?**

| | | |
|---|---|---|
| 1☐ | Thug, go hiomlán | **→ TÉIGH GO C27.** |
| 2☐ | Thug, go pointe áirithe | **→ TÉIGH GO C27.** |
| 3☐ | Níor thug | **→ TÉIGH GO C27.** |
| 4☐ | Ní raibh míniú uaim | **→ TÉIGH GO C27.** |
| 5☐ | Ní raibh aon tástáil, obráid nó mionobráid agam | **→ TÉIGH GO C28.** |

---

**C27.** **I ndiaidh aon tástáil, obráid nó mionobráid, ar thug ball foirne míniú sothuigthe ar aon riosca nó ar na buntáistí ábhartha?**

1☐ Thug, go hiomlán

2☐ Thug, go pointe áirithe

3☐ Níor thug

DRÉACHT

## Scaoileadh amach as an ospidéal

**C28. Ar bhraith tú go raibh tú páirteach sna cinntí maidir le scaoileadh amach as an ospidéal?**

1☐ Bhraith, cinnte

2☐ Bhraith, go pointe áirithe

3☐ Níor bhraith

4☐ Níor theastaigh uaim a bheith páirteach

---

**C29. Ar tugadh go leor fógra duit <u>nó</u> do dhuine eile maidir le thú a scaoileadh amach as an ospidéal?**

1☐ Tugadh, cinnte

2☐ Tugadh, go pointe áirithe

3☐ Níor tugadh

4☐ Níl a fhios agam/ ní cuimhin liom

---

**C30. Sular fhág tú an t-ospidéal, ar tugadh aon fhaisnéis i gcóip chrua nó i scríbhinn duit maidir le cad a bheifeá in ann a dhéanamh nó nach mbeifeá in ann a dhéanamh i ndiaidh duit an t-ospidéal a fhágáil?**

1☐ Tugadh

2☐ Níor tugadh

3☐ Níor theastaigh an fhaisnéis scríofa nó clóite uaim nó ní raibh gá agam léi

---

**C31. Ar mhínigh ball foirne an chúis le haon leigheas a bhí le tógáil abhaile leat nó faoi aon fho-iarmhairtí ar bhealach sothuigthe?**

1☐ Mhínigh, go hiomlán

2☐ Mhínigh, go pointe áirithe

3☐ Níor mhínigh

4☐ Ní raibh míniú uaim

5☐ Ní raibh cógais ar bith agam

**C32. Ar chuir ball foirne aon rud in iúl duit maidir leis na comharthaí contúirte le bheith ag faire amach dóibh agus tú sa bhaile?**

1☐ Chuir, go hiomlán

2☐ Chuir, go pointe áirithe

3☐ Níor chuir

4☐ Ní raibh gá leis sin

---

**C33. Agus tú le scaoileadh amach as an ospidéal, ar chuir foireann an ospidéil do theaghlach nó do chás sa bhaile san áireamh?**

1☐ Chuir, go hiomlán

2☐ Chuir, go pointe áirithe

3☐ Níor chuir

4☐ Ní raibh gá leis sin

5☐ Níl a fhios agam/ ní cuimhin liom

---

**C34. Ar chuir foireann an ospidéil an t-eolas cuí in iúl duit maidir leis an té ar chóir teagmháil a dhéanamh leis sa chás go mbeifeá buartha faoi do riocht sláinte nó faoin chóir leighis a cuireadh ort tar éis duit an t-ospidéal a fhágáil?**

1☐ Chuir

2☐ Níor chuir

3☐ Níl a fhios agam/ ní cuimhin liom

---

**C35. An mbraitheann tú go bhfuair tú dóthain eolais ón ospidéal ar an dóigh le do riocht sláinte a bhainistiú agus tú sa bhaile?**

1☐ Braithim, cinnte

2☐ Braithim, go pointe áirithe

3☐ Ní bhraithim

4☐ Ní raibh cabhair de dhíth orm chun mo riocht sláinte a bhainistiú

DRÉACHT

## Sábháilteacht othar

**C36. Le linn na tréimhse seo san ospidéal, ar mhothaigh tú go raibh cumarsáid mhaith ann faoi do chúram agus faoi do chóir leighis idir dochtúirí, altraí agus foireann eile an ospidéil?**

**(Mar shampla, an raibh an t-eolas ar fad faoi do chúram agus faoi do chóir leighis ag ball foirne a bhí ag tabhairt aire duit an t-am ar fad)**

1☐ Bhí, i gcónaí

2☐ Bhí, uaireanta

3☐ Ní raibh

4☐ Níl a fhios agam/ ní cuimhin liom

---

**C37. Le linn na tréimhse seo san ospidéal, ar mhothaigh tú compordach labhairt amach ag am ar bith faoi rud ar bith ba mhaith leat a phlé le foireann an ospidéil?**

**(Áirítear leis sin gearán a dhéanamh nó imní a nochtadh faoi aon cheisteanna a bhí agat faoi do chúram.)**

1☐ Mhothaigh, cinnte

2☐ Mhothaigh, go pointe áirithe

3☐ Níor mhothaigh

4☐ Ní bhaineann le mo chás

---

**C38. Le linn na tréimhse seo san ospidéal, ar mhothaigh tú muiníneach as sábháilteacht do chóir leighis agus do chúram?**

1☐ Mhothaigh, cinnte

2☐ Mhothaigh, go pointe áirithe

3☐ Níor mhothaigh

> Is éard is teagmhas sábháilteachta othair ann ná teagmhas (eachtra nó imthosca) a d'fhéadfadh gortú nó díobháil gan ghá duit teacht mar thoradh air, nó arbh é sin ba thoradh air, nó teagmhas a chuir tú i mbaol gortaithe nó díobhála.
>
> Thiocfadh le rud ar bith a bheith i gceist anseo, biodh sin an cógas mícheart a fháil nó ionfhabhtú a fháil tar éis obráide, mar shampla.

**C39. Ar bhain aon teagmha(i)s sábháilteachta othair duit le linn na tréimhse seo san ospidéal?**

1☐ Bhain **→ TÉIGH GO C40.**

2☐ Níor bhain **→ TÉIGH GO C41.**

3☐ Níl a fhios agam **→ TÉIGH GO C41.**

4☐ Ní cuimhin liom **→ TÉIGH GO C41.**

---

**C40. Cén cineál teagmhais sábháilteachta othair a bhain duit? (Cuir tic le gach ceann a bhaineann)**

1☐ Saincheist cógas
(mar shampla, tugadh an cógas mícheart, dáileog mhícheart, cógas othair eile duit, nó aon chineál eile faidhbe a bhaineann leis na cógais a bhí á nglacadh agat)

2☐ Ionfhabhtú a bhaineann le cúram sláinte
(mar shampla, fuair tú ionfhabhtú le linn cóir leighis nó cúram a fháil, e.g. créacht)

3☐ Fadhb le feiste leighis nó trealamh leighis
(mar shampla, easpa trealaimh nó teip trealaimh)

4☐ Titim othair
(mar shampla, shleamhnaigh tú, thuisligh tú nó thit tú agus tú san ospidéal)

5☐ Timpiste othair

6☐ Eile, sonraigh le do thoil

DREACHT

## Ginearálta

**C41. Ar an iomlán, ar mhothaigh tú gur caitheadh leat le meas agus le dínit agus tú san ospidéal?**

- 1☐ Caitheadh, i gcónaí
- 2☐ Caitheadh, uaireanta
- 3☐ Níor caitheadh

**C42. Go ginearálta... (tarraing ciorcal timpeall ceann de na huimhreacha thíos)**

Bhí eispéireas **olc** agam — Bhí eispéireas **maith** agam

| 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

**C43. Maidir leis an gcúram a tugadh duit, tríd is tríd, má bhí tú ag iarraidh aiseolas a thabhairt nó gearán a dhéanamh, an raibh a fhios agat an chaoi agus an áit leis sin a dhéanamh?**

- 1☐ Bhí a fhios agam
- 2☐ Ní raibh a fhios agam
- 3☐ Ní raibh mé ag iarraidh aiseolas a thabhairt ná gearán a dhéanamh

## Fút

**C44. Cérbh é an príomhdhuine nó na príomhdhaoine a líon isteach an ceistneoir seo?**

- 1☐ An t-othar (ainmnithe ar an gclúdach)
- 2☐ An t-othar le cabhair ó dhuine eile
- 3☐ Duine ag gníomhú ar son an othair

**Ná déantar dearmad** gur chóir gach ceist a fhreagairt faoi mar a bhaineann sí leis an duine atá ainmnithe ar an gclúdach.

Áirítear leis sin na ceisteanna seo a leanas.

**C45. Cad í an <u>phríomhchúis</u> leis an seal is déanaí a chaith tú san ospidéal?** (Ná cuir tic ach le bosca **AMHÁIN**)

- 1☐ Meall/ailse
- 2☐ Fadhb croí
- 3☐ Fadhb leis na scamhóga
- 4☐ Riocht néareolaíoch (lena n-áirítear stróc)
- 5☐ Riocht ortaipéideach (e.g. fadhbanna leis na cnámha nó leis na hailt)
- 6☐ COVID-19
- 7☐ Ionfhabhtú (seachas COVID-19)
- 8☐ Fadhb leis an gcóras díleá (deacrachtaí le máilín an domlais agus leis an aipindic san áireamh)
- 9☐ Diaibéiteas agus fadhbanna gaolmhara
- 10☐ Frithghníomh díobhálach/nimhiú
- 11☐ Gortú agus/nó timpiste
- 12☐ Saincheist mheabhairshláinte
- 13☐ Glacadh isteach le haghaidh tástálacha agus/nó imscrúduithe mé
- 14☐ Níl a fhios agam/níor dúradh liom
- 15☐ Eile, sonraigh le do thoil

DRÉACHT

**C46. Cad é mí agus bliain do bhreithe? (Cuir tic leis an mí agus scríobh isteach an bhliain)**

1☐ Eanáir

2☐ Feabhra

3☐ Márta

4☐ Aibreán

5☐ Bealtaine

6☐ Meitheamh

7☐ Iúil

8☐ Lúnasa

9☐ Meán Fómhair

10☐ Deireadh Fómhair

11☐ Samhain

12☐ Nollaig

**(Scríobh isteach, le do thoil)**

e.g. | 1 | 9 | 6 | 1 |

| B | B | B | B |
|---|---|---|---|

Cuirimid na trí cheist eile seo mar ba mhaith linn a fháil amach an léiriú ar gach cuid dár sochaí na daoine a líon isteach an suirbhé seo.

**C47. Céard é do chúlra eitneach nó cultúrtha?**

(Ná cuir tic ach le bosca **AMHÁIN**)

**Cine Geal:**

1☐ Éireannach

2☐ Duine den Lucht Siúil

3☐ Romach

4☐ Aon chúlra Geal eile

**Cine Gorm nó Éireannach Gorm:**

5☐ Afracach

6☐ Aon chúlra Gorm eile

**Áiseach nó Áiseach Éireannach:**

7☐ Síneach

8☐ Indiach/Pacastánach/Banglaidéiseac h

9☐ Aon chúlra Áiseach eile

**Eile, lena n-áirítear grúpa/cúlra measctha:**

10☐ Arabach

11☐ Measctha, tabhair cur síos

12☐ Cine eile, tabhair cur síos

DRÉACHT

**C48. Faoi láthair, an bhfuil aon cheann de na nithe seo a leanas agat:**

1☐ Cárta leighis?

2☐ Árachas sláinte príobháideach?

3☐ **An dá cheann acu** (cárta leighis agus árachas sláinte príobháideach)?

4☐ **Níl** cárta leighis ná árachas sláinte príobháideach agam?

---

**C49. An mbaineann aon cheann de na nithe seo a leanas leat ar bhonn fadtéarmach? Cuir tic le gach ceann a bhaineann leat**

1☐ Daille nó lagú tromchúiseach radhairc

2☐ Bodhar nó lagú éisteachta tromchúiseach

3☐ Riocht a chuireann teorainn shubstaintiúil le gníomhaíocht fhisiciúil bhunúsach amháin nó níos mó

4☐ Míchumas intleachta

5☐ Deacrachtaí maidir le foghlaim, cuimhneamh nó aird a dhíriú

6☐ Riocht meabhairshláinte, síceolaíoch nó mothúchánach

7☐ Deacrachtaí maidir le gléasadh, folcadh nó bogadh thart sa teach

8☐ Deacrachtaí maidir le dul amach i d'aonar

9☐ Deacrachtaí maidir le dul ar obair nó freastal ar scoil/coláiste

10☐ Deacrachtaí maidir le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile

11☐ Míchumas eile, lena n-áirítear tinneas ainsealach

12☐ Ceann ar bith díobh thuas

DRÉACHT

## Tráchtanna Eile

Ár mbuíochas leat as ucht an suirbhé seo a líonadh isteach. Ná bíodh drogall ort níos mó a insint dúinn faoin seal a chaith tú san ospidéal trí na ceisteanna thíos a fhreagairt. Is féidir leat leathanach cúil an cheistneora a úsáid má tá tuilleadh spáis uait. Cuirfear na tuairimí isteach i mbunachar sonraí slán tar éis aon fhaisnéis a d'fhéadfaí a úsáid chun tú a aithint a bhaint amach.

Breathnóidh HIQA, FSS agus an Roinn Sláinte ar an aiseolas anaithnid sin chun iarracht a dhéanamh eispéireas na n-othar san ospidéal a thuiscint agus a fheabhsú. Féadfaidh taighdeoirí eile anailís a dhéanamh ar shonraí anaithnide ón suirbhé seo amach anseo, tar éis gach eolas pearsanta a d'fhéadfaí a úsáid chun tú a aithint a bhaint. Tabharfaimid samplaí d'aiseolas sna tuarascálacha suirbhé deiridh chun tuiscint níos iomláine ar eispéiris na n-othar a chur ar fáil.

**C50. An raibh aon rud an-mhaith faoi do chúram ospidéil?**

**C51. An raibh rud ar bith ann a d'fhéadfaí a fheabhsú?**

**C52. An bhfuil aon tuairim nó moladh eile agat?**

**GO RAIBH MAITH AGAT AS CABHRÚ LINN!**

Déan cinnte gur fhreagair tú gach ceann de na ceisteanna a bhaineann leat.
Cuir an ceistneoir ar ais chugainn sa chlúdach litreach Saorphoist a tháinig leis. Níl stampa ag teastáil.

DRÉACHT

Fágadh an leathanach seo glan d'aon turas

DRÉACHT